
# Cás-staidéar Rian



## Seo Rian.



Is mac léinn lánaimseartha é, cé go bhfuil post páirtaimseartha aige freisin - sa siopa áitiúil. Tuilleann sé thart ar €170 in aghaidh na seachtaine. Bhog sé ó theach a thuismitheoirí le déanaí agus tá sé i dteach atá ar cíos aige anois. Íocann sé €80 gach seachtain, a chlúdaíonn na billí.

Uaireanta ní bhíonn aon airgead fágtha aige ag deireadh na seachtaine agus ní féidir leis dul amach. Faigheann sé iasacht óna chairde nó óna thuismitheoirí má bhíonn aoibh mhaith orthu. Íocann sé ar ais iad nuair is féidir leis, ach bíonn sé deacair mar go bhfuil airgead gann.



Faigheann Rian an bus go dtí an coláiste gach lá. An táille a bhíonn ar thuras aontreo ná €1.80, cé nach fada an turas é. Ceannaíonn sé lón ar an gcampas. Cosnaíonn caife agus panini €6.00. Imríonn sé peil sa halla spóirt uair sa tseachtain agus bíonn costas €4.00 air. Téann sé ag siopadóireacht gach Luan agus Céadaoin chun earraí grósaera a cheannach. Caitheann sé timpeall €15 gach uair. Bíonn dóthain aige ar feadh cúpla lá ina dhiaidh sin.

Faigheann sé síob go dtí teach a thuismitheoirí don deireadh seachtaine. Itheann sé dinnéar leo gach Aoine, Satharn agus Domhnach.

Dé Céadaoin na seachtaine seo, cheannaigh Rian creidmheas fóin (déanann sé seo uair sa mhí) le glaoch a chur ar a mháthair. Bhí sé ag lorg iasacht den charr don deireadh seachtaine.



Toisc go bhfuil airgead gann, ní théann Rian amach go minic, ach tá sé ag iarraidh dul chuig an bpictiúrlann Dé Sathairn. Tá costas €6.00 air más mac léinn thú. Ceapann sé go bhfuil margadh maith i gceist.

CCPC
Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
Competition and Consumer Protection Commission
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta